## COMHAIRLE DON LÉITHEOIR

Is é atá san fhoilseachán seo na leaganacha comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a ionchorpraíonn na hathruithe arna ndéanamh le Conradh na hAithne a síníodh an 16 Aibreán 2003.

Gheofar san fhoilseachán seo freisin iomlán na bPrótacal atá i gceangal leis na Conarthaí sin, mar atá arna leasú le hIonstraim Aontachais 2003.

Is áis dhoiciméadach é an téacs seo nach gcuireann aon dliteanas ar na hinstitiúidí.

— cumhachtaí an Chomhphobail Eorpaigh, agus

— comhchuibheas idir beartais uile an Aontais agus a ghníomhaíochtaí eachtracha.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 27 agus Airteagail 27b go 28 den Chonradh seo maidir leis an gcomhar feabhsaithe dá bhforáiltear san Airteagal seo, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 27c agus in Airteagail 43 go 45.

*Airteagal 27b*

Féadfaidh comhar feabhsaithe de bhun an Teidil seo baint a bheith aige le gníomhaíocht chomhpháirteach nó comhsheasamh a chur chun feidhme. Ní bhainfidh siad le ceisteanna a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

*Airteagal 27c*

Na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu comhar feabhsaithe faoi Airteagal 27b a bhunú eatarthu féin, díreoidh siad iarraidh chuig an gComhairle.

Cuirfear an iarraidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig Parlaimint na hEorpa mar eolas. Tabharfaidh an Coimisiún a thuairim, go háirithe maidir le comhchuibheas an chomhair fheabhsaithe arna bheartú le beartais an Aontais. Deonóidh an Chomhairle an t-údarú, ag gníomhú di i gcomhréir leis an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 23(2) den Chonradh seo, agus Airteagail 43 go 45 á gcomhlíonadh.

*Airteagal 27d*

Gan dochar do chumhachtaí na hUachtaránachta nó an Choimisiúin, áiritheoidh Ardrúnaí na Comhairle, Ardionadaí don chomhbheartas eachtrach agus slándála, go háirithe go gcoimeádtar Parlaimint na hEorpa agus na comhaltaí go léir den Chomhairle ar an eolas go hiomlán faoi chomhar feabhsaithe a chur chun feidhme i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.

*Airteagal 27e*

Aon Bhallstát ar mian leis bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 27c, cuirfidh sé a intinn in iúl don Chomhairle agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim don Chomhairle laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra sin a fháil. Laistigh de cheithre mhí ó dháta an fhógra sin a fháil, glacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis an iarraidh agus maidir le cibé socruithe sonracha a mheasfaidh sí a bheith riachtanach. Measfar an cinneadh a bheith glactha mura gcinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe laistigh den tréimhse chéanna, é a choimeád ar stad; sa chás sin, tabharfaidh an Chomhairle na cúiseanna lena cinneadh agus socróidh sí spriocdháta chun é a athscrúdú.

# CLÁR

## TÉACS AN CHONARTHA

*Leathanach*

Brollach ..... 43

Cuid a hAon — Prionsabail ..... 44

Cuid a Dó — Saoránacht an Aontais ..... 49

Cuid a Trí — Beartais an Chomhphobail ..... 51

TEIDEAL I — Saorghluaiseacht earraí ..... 51

Caibidil 1 — An tAontas Custaim ..... 52

Caibidil 2 — Srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a thoirmeasc ..... 52

TEIDEAL II — An talmhaíocht ..... 53

TEIDEAL III — Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil ..... 57

Caibidil 1 — Oibrithe ..... 57

Caibidil 2 — Ceart bunaíochta ..... 59

Caibidil 3 — Seirbhísí ..... 62

Caibidil 4 — Caipiteal agus íocaíochtaí ..... 63

TEIDEAL IV — Víosaí, tearmann, inimirce agus beartais eile a bhaineann le saorghluaiseacht daoine ..... 65

TEIDEAL V — Iompar ..... 70

TEIDEAL VI — Comhrialacha maidir le hiomaíocht, le cánachas agus le comhfhogasú reachtaíochta ..... 73

Caibidil 1 — Rialacha iomaíochta ..... 73

Roinn 1 — Rialacha a bhaineann le gnóthais ..... 73

Roinn 2 — Cabhracha ó Stáit ..... 76

Caibidil 2 — Forálacha cánachais ..... 78

Caibidil 3 — Dlíthe a chomhfhogasú ..... 79

TEIDEAL VII — Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta ..... 82

Caibidil 1 — Beartas eacnamaíoch ..... 82

Caibidil 2 — Beartas airgeadaíochta ..... 87

Caibidil 3 — Forálacha institiúideacha ..... 90

Caibidil 4 — Forálacha idirthréimhseacha ..... 93

TEIDEAL VIII — Fostaíocht ..... 101

TEIDEAL IX — Comhbheartas tráchtála ..... 103

TEIDEAL X — Comhar custaim ..... 106

TEIDEAL XI — Beartas sóisialta, oideachas, gairmoiliúint agus an óige ..... 106

Caibidil 1 — Forálacha sóisialta ..... 106

Caibidil 2 — Ciste Sóisialta na hEorpa ..... 111

Caibidil 3 — Oideachas, gairmoiliúint agus an óige ..... 112

TEIDEAL XII — Cultúr ..... 113

TEIDEAL XIII — Sláinte phoiblí ..... 114

TEIDEAL XIV — Cosaint an tomhaltóra ..... 115

TEIDEAL XV — Gréasáin thraseorpacha ..... 116

TEIDEAL XVI — Tionscal ..... 117

TEIDEAL XVII — Comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ..... 118

TEIDEAL XVIII — Taighde agus forbairt theicneolaíoch ..... 120

TEIDEAL XIX — Comhshaol ..... 123

TEIDEAL XX — Comhar um fhorbairt ..... 125

TEIDEAL XXI — Comhar eacnamaíoch arigeadais agus teicniúil le tríú tíortha ..... 127

Cuid a Ceathair — Tíortha agus críocha thar lear a chomhlachú ..... 128

Cuid a Cúig — Institiúidí an Chomhphobail ..... 130

TEIDEAL I — Forálacha ag rialú na n-institiúidí ..... 130

Caibidil 1 — Na hinstitiúidí ..... 130

Roinn 1 — Parlaimint na hEorpa ..... 130

Roinn 2 — An Chomhairle ..... 135

Roinn 3 — An Coimisiún ..... 138

Roinn 4 — An Chúirt Bhreithiúnais ..... 141

Roinn 5 — An Chúirt Iniúchóirí ..... 150

Caibidil 2 — Forálacha is coiteann d'institiúidí éagsúla ..... 153

Caibidil 3 — An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ..... 157

Caibidil 4 — Coiste na Réigiú ..... 160

Caibidil 5 — An Banc Eorpach Infheistíochta ..... 162

# CUID A hAON

## PRIONSABAIL

*Airteagal 1*

Leis an gConradh seo, bunaíonn na hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA eatarthu féin COMHPHOBAL EORPACH.

*Airteagal 2*

Beidh de chúram ar an gComhphobal, trí chómhargadh agus aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhunú agus trí na comhbheartais nó na comhghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a chur chun feidhme, dlús a chur ar fud an Chomhphobail le forbairt chomhchuí chothromúil inbhuanaithe ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, le hardleibhéal fostaíochta agus slándála sóisialta, le comhionannas idir fir agus mná, le fás inbhuanaithe neamhbhoilscitheach, le mórchumas iomaíochta agus mórchóineasú san fheidhmiú eacnamaíoch, le hardleibhéal cosanta don chomhshaol agus le hardleibhéal feabhsaithe ar a cháilíocht, le hardú ar an gcaighdeán maireachtála agus ar an mianach saoil, le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit.

*Airteagal 3*

1. Chun na gcríoch atá luaite in Airteagal 2, cuimseoidh gníomhaíocht an Chomhphobail, faoi na coinníollacha agus de réir an tráthchláir dá bhforáiltear sa Chonradh seo:

(a) dleachtanna custaim agus srianta cainníochtúla ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí, agus gach beart eile comhéifeachta, a thoirmeasc idir na Ballstáit;

(b) comhbheartas tráchtála;

(c) margadh inmheánach arb é is príomhghné ann constaicí in aghaidh saorghluaiseachta earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a dhíothú idir na Ballstáit;

(d) bearta maidir le hiontráil agus le gluaiseacht daoine mar a fhoráiltear i dTeideal IV;

(e) comhbheartas i réimsí na talmhaíochta agus an iascaigh;

(f) comhbheartas i réimse an iompair;

(g) córas a áiritheoidh nach saobhtar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach;

(h) dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú a mhéad is gá d'oibriú an chómhargaidh;

(b) bearta eile i réimsí an tearmainn agus na hinimirce agus bearta eile maidir le cearta náisiúnach tríú tíortha a choimirciú, i gcomhréir le forálacha Airteagal 63;

(c) bearta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta mar a fhoráiltear in Airteagal 65;

(d) bearta iomchuí chun comhar riarthach, mar a fhoráiltear in Airteagal 66, a chothú agus a neartú;

(e) bearta eile i réimse an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla arb é is aidhm dóibh ardleibhéal slándála a áirithiú trí choirpeacht a chosc agus a chomhrac laistigh den Aontas i gcomhréir le forálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

*Airteagal 62*

Laistigh de thréimhse cúig bliana tar éis do Chonradh Amstardam teacht i bhfeidhm, glacfaidh an Chomhairle na bearta seo a leanas, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 67:

1. bearta d'fhonn a áirithiú, i gcomhlíonadh Airteagal 14, nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, bíodh siad ina saoránaigh den Aontas nó ina náisiúnaigh de thríú tíortha, ar thrasnú teorainneacha inmheánacha dóibh;

2. bearta maidir le teorainneacha seachtracha na mBallstát a thrasnú a bhunóidh:

   (a) caighdeáin agus nósanna imeachta a leanfaidh na Ballstáit agus seiceálacha á ndéanamh acu ar dhaoine ag teorainneacha den sórt sin;

   (b) rialacha maidir le víosaí le haghaidh fanachta bheartaithe nach mó ná trí mhí, lena n-áirítear:

      (i) liosta na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus liosta na dtríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin;

      (ii) na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le Ballstáit d'eisiúint víosaí;

      (iii) formáid chomhionann do víosaí;

      (iv) rialacha maidir le víosa chomhionann;

3. bearta ag leagan amach na gcoinníollacha faoina mbeidh saoirse taistil ag náisiúnaigh tríú tíortha ar chríoch na mBallstát le linn tréimhse nach mó ná trí mhí.

*Airteagal 63*

Laistigh de thréimhse cúig bliana tar éis do Chonradh Amstardam teacht i bhfeidhm, glacfaidh an Chomhairle na bearta seo a leanas, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 67:

1. bearta maidir le tearmann, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus Prótacal an 31 Eanáir 1967 maidir le stádas dídeanaithe agus conarthaí ábhartha eile, sna réimsí seo a leanas:

   (a) critéir agus sásraí chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar thearmann arna thíolacadh ag náisiúnach tríú tír i gceann de na Ballstáit a scrúdú,

   (b) caighdeáin íosta maidir le glacadh iarratasóirí ar thearmann i mBallstáit,

   (c) caighdeáin íosta maidir le cáiliú náisiúnach tríú tíortha mar dhídeanaithe,

   (d) caighdeáin íosta maidir le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a bhronnadh nó a aistarraingt;

2. bearta maidir le dídeanaithe agus daoine easáitithe sna réimsí seo a leanas:

   (a) caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ó thríú tíortha nach féidir leo filleadh ar a dtír thionscnaimh agus do dhaoine a bhfuil gá acu ar dhóigh eile le cosaint idirnáisiúnta,

   (b) cothromaíocht iarrachta idir na Ballstáit a chur ar aghaidh maidir le dídeanaithe agus daoine easáitithe a ghlacadh agus iarmhairtí an ghlactha sin a iompar;

3. bearta maidir le beartas inimirce sna réimsí seo a leanas:

   (a) coinníollacha iontrála agus cónaithe agus caighdeáin do nósanna imeachta maidir le Ballstáit d'eisiúint víosaí fadtéarmacha agus ceadanna cónaithe, lena n-áirítear iad sin a eisítear chun críche athaontú teaghlach,

   (b) inimirce neamhdhlíthiúil agus cónaí neamhdhlíthiúil, lena n-áirítear cónaitheoirí neamhdhlíthiúla a aisdúichiú;

— comhchuibhiú a chur ar aghaidh, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialaíonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna raonta laistigh dá réimse inniúlachta;

— na rialacha a ullmhú le haghaidh oibríochtaí atá le gabháil ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta faoi chuimsiú CEBC;

— éifeachtúlacht íocaíochtaí trasteorann a chur ar aghaidh;

— ullmhúchán teicniúil nótaí bainc ECU a mhaoirsiú.

Sonróidh IEA ar an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí an creat rialúcháin, eagrúcháin agus loighistiúil is gá do CEBC chun a chúraimí sa tríú céim a chomhlíonadh. Cuirfear an creat sin faoi bhráid chinneadh BCE ar dháta a bhunaithe.

4. Féadfaidh IEA, ag gníomhú di trí thromlach dhá thrian de chomhaltaí a Comhairle:

— tuairimí nó moltaí a fhoirmiú ar threoshuíomh foriomlán beartas airgeadaíochta agus beartas um rátaí malairte maille le bearta gaolmhara a thugtar isteach i ngach Ballstát;

— tuairimí nó moltaí a chur faoi bhráid Rialtas agus na Comhairle ar bheartais ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do chor airgeadaíochta inmheánach nó seachtrach an Chomhphobail agus go háirithe d'oibriú an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta;

— moltaí a dhéanamh d'údaráis airgeadaíochta na mBallstát maidir le seoladh a mbeartais airgeadaíochta.

5. Féadfaidh IEA, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh a tuairimí agus a moltaí a fhoilsiú.

6. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle le IEA maidir le haon ghníomh Comhphobail arna bheartú laistigh dá réimse inniúlachta.

Faoi na teorainneacha agus faoi na coinníollacha arna leagan amach ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le IEA, rachaidh údaráis na mBallstát i gcomhairle le IEA freisin ar aon dréachtfhoráil reachtaíochta laistigh dá réimse inniúlachta.

7. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le IEA, cúraimí eile a chur ar IEA d'fhonn an tríú céim a ullmhú.

8. Nuair a fhoráiltear sa Chonradh seo ról comhairleach a bheith ag BCE sa dara céim, tuigfear gur ag tagairt do IEA roimh BCE a bhunú atá tagairtí do BCE.

— cinneadh ar a iomchuí atá go dtrasrachadh an Comhphobal chuig an tríú céim,

agus más iomchuí,

— an dáta a shocrú le haghaidh thús an tríú céim.

4. Mura mbeidh an dáta le haghaidh thús an tríú céim socraithe roimh dheireadh 1997, tosóidh an tríú céim ar an 1 Eanáir 1999. Déanfaidh an Chomhairle, roimh an 1 Iúil 1998, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, tar éis an nós imeachta dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 a athdhéanamh, seachas an dara fleasc de mhír 2, agus aird á tabhairt ar na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus ar thuairim Pharlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus ar bhonn na moltaí ón gComhairle dá dtagraítear i mír 2, a dhaingniú cé hiad na Ballstáit a chomhallann na coinníollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh.

*Airteagal 122*

1. Má tá an cinneadh glactha an dáta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 121(3), cinnfidh an Chomhairle, ar bhonn moltaí ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 121(2), ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholadh ón gCoimisiún, an mbeidh maolú mar atá sé sainithe i mír 3 den Airteagal seo ag aon Bhallstát, agus más amhlaidh a bheidh, cé acu. Tagrófar do na Ballstáit sin sa Chonradh seo mar 'Ballstáit go maolú'.

Má tá sé daingnithe ag an gComhairle cé hiad na Ballstáit a chomhallann na coinníollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 121(4), beidh maolú mar atá sé sainithe i mír 3 den Airteagal seo ag na Ballstáit sin nach gcomhallann na coinníollacha. Tagrófar do na Ballstáit sin sa Chonradh seo mar 'Ballstáit go maolú'.

2. Déanfaidh an Coimisiún agus BCE tuarascáil don Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 121(1) ar a laghad uair amháin gach dara bliain nó arna iarraidh sin do Bhallstát go maolú. Tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tar éis plé sa Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cé hiad na Ballstáit go maolú a chomhallann na coinníollacha is gá ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach in Airteagal 121(1) agus aisghairfidh sí maoluithe na mBallstát i dtrácht.

3. Béarfaidh maolú dá dtagraítear i mír 1 nach mbeidh na hAirteagail seo a leanas infheidhme ar an mBallstát i dtrácht: Airteagail 104(9) agus (11), 105(1), (2), (3) agus (5), 106, 110, 111 agus 112(2)(b). Tá eisiamh Ballstát den sórt sin agus a mbainc cheannais náisiúnta ó na cearta agus na hoibleagáidí laistigh de CEBC leagtha síos i gCaibidil IX de Reacht CEBC.

4. In Airteagail 105(1), (2) agus (3), 106, 110, 111 agus 112(2)(b), tuigfear gur 'Ballstáit gan mhaolú' 'Ballstáit'.

5. Déanfar cearta vótála na mBallstát go maolú a fhionraí i gcomhair na gcinntí ón gComhairle dá dtagraítear sna hAirteagail den Chonradh seo atá luaite i mír 3. Sa chás sin, de mhaolú ar Airteagail 205 agus 250(1), saineofar tromlach cáilithe mar dhá thrian vótaí ionadaithe do na Ballstát gan mhaolú arna n-ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) agus beidh gá le haontoilíocht na mBallstát sin le haghaidh gníomh ar gá aontoilíocht dó.

6. Leanfaidh forálacha Airteagail 119 agus 120 de bheith infheidhme ar Bhallstát go maolú.

*Airteagal 123*

1. Láithreach tar éis an cinneadh a ghlacadh maidir le dáta thús an tríú céim i gcomhréir le hAirteagal 121(3) nó, de réir mar a bheidh, láithreach tar éis an 1 Iúil 1998:

— glacfaidh an Chomhairle na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 107(6);

— ceapfaidh Rialtais na mBallstát gan mhaolú, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 50 de Reacht CEBC, Uachtarán, Leasuachtarán agus comhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE. Má tá Ballstáit go maolú ann, féadfar gur lú líon chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin ná mar a fhoráiltear in Airteagal 11.1 de Reacht CEBC, ach gan bheith níos lú ná ceathrar in imthosca ar bith.

A luaithe a cheapfar an Bord Feidhmiúcháin, bunófar CEBC agus BCE agus ullmhóidh siad i gcomhair a n-oibriúcháin iomláin mar atá sé tuairiscithe sa Chonradh seo agus i Reacht CEBC. Tosóidh lánfheidhmiú a gcuid cumhachtaí ón gcéad lá den tríú céim.

2. A luaithe a bhunófar BCE, gabhfaidh sé chuige féin, más gá, cúraimí IEA. Scaoilfear IEA chun leachtú ar BCE a bhunú; tá na rialacha mionsonraithe um leachtú leagtha síos i Reacht IEA.

3. Má tá agus fad atá Ballstáit go maolú ann, agus gan dochar d'Airteagal 107(3) den Chonradh seo, cuirfear Comhairle Ghinearálta BCE atá luaite in Airteagal 45 de Reacht CEBC ar bun mar thríú comhlacht cinnteoireachta BCE.

4. Ar dháta tosaithe an tríú céim, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil na mBallstát gan mhaolú, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na rátaí comhshó ar a mbeidh a gcuid airgeadraí socraithe go neamh-inchúlghairthe agus an ráta socraithe go neamh-inchúlghairthe ar a gcuirfear an tECU in ionad na n-airgeadraí sin, agus tiocfaidh an tECU chun bheith ina airgeadra dílis ó cheart. Ní dhéanfaidh an beart sin ann féin modhnú ar luach eachtrach an ECU. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe na mBallstát sin ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na bearta eile is gá chun an tECU a thabhairt isteach go sciobtha mar airgeadra aonair na mBallstát sin. Beidh feidhm ag an dara habairt d'Airteagal 122(5).

5. Má chinntear, de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 122(2), maolú a aisghairm, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil na mBallstát gan mhaolú agus an Bhallstáit i dtrácht, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, an ráta a ghlacadh ar a gcuirfear an tECU in ionad airgeadra an Bhallstáit i dtrácht, agus na bearta eile a ghlacadh is gá chun an tECU a thabhairt isteach mar an t-airgeadra aonair sa Bhallstát i dtrácht.

*Airteagal 124*

1. Déanfaidh gach Ballstát, go dtí tús an tríú céim, a bheartas rátaí malairte a bhreithniú mar ábhar leasa choitinn. Lena linn sin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh taithí an chomhair faoi chuimsiú an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta (CEA) agus taithí fhorbairt an ECU agus na cumhachtaí láithreacha á n-urramú acu.

2. Amhail ó thús an tríú céim agus fad atá maolú ag Ballstát, beidh na forálacha thuasluaite infheidhme de réir analaí ar bheartas ráta malairte an Bhallstáit sin.

## TEIDEAL VIII

## **FOSTAÍOCHT**

*Airteagal 125*

Saothróidh na Ballstáit agus an Comhphobal i gcomhréir leis an Teideal seo chun straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt agus go háirithe chun fórsa saothair sciliúil oilte solúbtha agus margaí fostaíochta atá oscailte don athrú eacnamaíoch a chur ar aghaidh d'fhonn na cuspóirí a ghnóthú atá sainithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 2 den Chonradh seo.

5. Beidh feidhm ag míreanna 1 go 4 freisin maidir le comhaontuithe a bhaineann le réimsí na trádála i seirbhísí agus gnéithe tráchtála den mhaoin intleachtúil a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, a mhéad nach bhfuil na comhaontuithe sin folaithe sna míreanna sin agus gan dochar do mhír 6.

De mhaolú ar mhír 4, gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil agus comhaontú i gceann de na réimsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chaibidil agus á thabhairt i gcrích aici nuair atá sa chomhaontú sin forálacha ar gá aontoilíocht a bheith leo chun rialacha inmheánacha a ghlacadh nó nuair a bhaineann sé le réimse nach bhfuil an Comhphobal tar éis na cumhachtaí a thugtar dó sa Chonradh seo a fheidhmiú fós ann trí rialacha inmheánacha a ghlacadh.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil i dtaca le comhaontú cothrománach a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a mhéad a bhaineann sé freisin le hábhair dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó sa dara fomhír de mhír 6.

Ní dhéanfaidh an mhír seo difear do cheart na mBallstát comhaontuithe a choimeád ar bun agus a thabhairt i gcrích le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta sa mhéid go gcomhlíonann comhaontuithe den sórt sin dlí an Chomhphobail agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile.

6. Ní fhéadfaidh an Chomhairle comhaontú a thabhairt i gcrích má tá ann forálacha a rachadh thar chumhachtaí inmheánacha an Chomhphobail, go háirithe forálacha as a dtig comhchuibhiú ar dhlíthe nó rialacháin na mBallstát i réimse ina n-eisiatar comhchuibhiú den sórt sin leis an gConradh seo.

I ndáil leis sin, de mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 5, tiocfaidh comhaontuithe a bhaineann le trádáil i seirbhísí cultúrtha agus closamhairc, i seirbhísí oideachais agus i seirbhísí sóisialta agus sláinte daonna laistigh den inniúlacht arna roinnt idir an Comhphobal agus a chuid Ballstát. Uime sin, fara cinneadh Comhphobail arna ghlacadh i gcomhréir le forálacha ábhartha Airteagal 300, is gá comhaontú na mBallstát de thoil a chéile a bheith le comhaontuithe den sórt sin a chaibidil. Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit comhaontuithe arna gcaibidil amhlaidh a thabhairt i gcrích go comhpháirteach.

Leanfaidh caibidlíocht agus tabhairt i gcrích comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse an iompair de bheith faoi rialú ag forálacha Theideal V agus Airteagal 300.

7. Gan dochar don chéad fhomhír de mhír 6, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 4 a chur i mbaint le caibidlíocht agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le maoin intleachtúil a mhéad nach bhfuil siad folaithe ag mír 5.

5. Má fhormheasann an Coiste Idir-réitigh téacs comhpháirteach laistigh de shé sheachtain tar éis a chomórtha, beidh tréimhse sé sheachtain ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle tar éis an fhormheasa sin chun an gníomh i dtrácht a ghlacadh i gcomhréir leis an téacs comhpháirteach, trí thromlach glan de na vótaí arna gcaitheamh i gcás Pharlaimint na hEorpa agus trí thromlach cáilithe i gcás na Comhairle. Mura bhformheasfaidh ceachtar den dá institiúid an gníomh beartaithe laistigh den tréimhse sin, measfar nach bhfuil sé glactha.

6. Nuair nach bhformheasfaidh an Coiste Idir-réitigh téacs comhpháirteach, measfar nach bhfuil an gníomh beartaithe glactha.

7. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar na tréimhsí trí mhí agus sé sheachtain dá dtagraítear san Airteagal seo a fhadú mí amháin nó dhá sheachtain faoi seach ar a mhéid.

### *Airteagal 252*

Beidh an nós imeachta seo a leanas infheidhme nuair a thagraítear sa Chonradh seo don Airteagal seo chun gníomh a ghlacadh:

(a) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, comhsheasamh a ghlacadh.

(b) Cuirfear comhsheasamh na Comhairle in iúl do Pharlaimint na hEorpa. Tabharfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoi na cúiseanna ar ghlac an Chomhairle a comhsheasamh agus faoi sheasamh an Choimisiúin.

Má dhéanann Parlaimint na hEorpa an comhsheasamh a fhormheas laistigh de thréimhse trí mhí ón dáta ar cuireadh an t-eolas chuici nó mura ngníomhóidh sí laistigh den tréimhse sin, glacfaidh an Chomhairle an gníomh go críochnaitheach i gcomhréir leis an gcomhsheasamh.

(c) Laistigh den tréimhse trí mhí dá dtagraítear i bhfomhír (b), féadfaidh Parlaimint na hEorpa leasuithe do chomhsheasamh na Comhairle a thairiscint, ag gníomhú di trí thromlach glan de na comhaltaí a chomhdhéanann í. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa chomh maith, ag gníomhú di trí thromlach glan freisin, diúltú do chomhsheasamh na Comhairle. Cuirfear toradh na n-imeachtaí chun na Comhairle agus chun an Choimisiúin.

Má tá Parlaimint na hEorpa tar éis comhsheasamh na Comhairle a dhiúltú, ní foláir don Chomhairle gníomhú d'aon toil ar an dara léamh.

(d) Déanfaidh an Coimisiún athscrúdú laistigh de mhí ar an togra ar ghlac an Chomhairle comhsheasamh air, ag féachaint dó do na leasuithe a thairg Parlaimint na hEorpa.

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

*Airteagal 1*

Údaraítear do Ríocht na Beilge, do Ríocht na Danmhairge, do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, don Phoblacht Heilléanach, do Ríocht na Spáinne, do Phoblacht na Fraince, do Phoblacht na hIodáile, d'Ard- Diúcacht Lucsamburg, do Ríocht na hÍsiltíre, do Phoblacht na hOstaire, do Phoblacht na Portaingéile, do Phoblacht na Fionlainne agus do Ríocht na Sualainne, sínitheoirí chomhaontuithe Schengen, comhar níos dlúithe a bhunú eatarthu féin laistigh de raon feidhme na gcomhaontuithe sin agus na bhforálacha a bhaineann leo, mar atá siad liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, dá ngairtear 'acquis Schengen' anseo feasta. Seolfar an comhar sin laistigh de chreat institiúideach dlíthiúil an Aontais Eorpaigh agus forálacha ábhartha an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh á n-urramú.

*Airteagal 2*

1. Amhail ó dháta Chonradh Amstardam a theacht i bhfeidhm, beidh feidhm láithreach ag acquis Schengen, lena n-áirítear cinntí an Choiste Feidhmiúcháin arna bhunú ag comhaontuithe Schengen a bheidh glactha roimh an dáta sin, maidir leis na trí Bhallstát déag dá dtagraítear in Airteagal 1, gan dochar d'fhorálacha mhír 2 den Airteagal seo. Amhail ón dáta céanna sin, gabhfaidh an Chomhairle ionad an Choiste Feidhmiúcháin sin.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di le haontoilíocht na gcomhaltaí sin dá cuid dá dtagraítear in Airteagal 1, aon bheart a ghlacadh is gá chun an mhír seo a chur chun feidhme. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí, cad é an bunús dlí a bheidh le gach ceann de na forálacha nó na cinntí arb éard iad acquis Schengen.

I dtaca le forálacha agus cinntí den sórt sin agus i gcomhréir leis an gcinneadh sin, feidhmeoidh Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach na cumhachtaí a thugtar di sna forálacha ábhartha is infheidhme de na Conarthaí. Ar aon chuma, ní bheidh aon dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i leith beart nó cinntí maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus slándáil inmheánach a choimirciú.

Fad nach mbeidh na bearta dá dtagraítear thuas glactha agus gan dochar d'Airteagal 5(2), measfar gur gníomhartha iad arna mbunú ar Theideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach na forálacha nó na cinntí arb éard iad acquis Schengen.

2. Beidh feidhm ag forálacha mhír 1 maidir leis na Ballstáit a bhfuil na Prótacail aontachais le comhaontuithe Schengen sínithe acu amhail ó na dátaí a chinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di le haontoilíocht na gcomhaltaí sin dá cuid atá luaite in Airteagal 1, mura mbeidh na coinníollacha d'aontachas aon cheann de na Stáit sin le acquis Schengen comhlíonta roimh dháta Chonradh Amstardam a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

Tar éis an chinnidh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1), coimeádfaidh an Danmhairg ar bun na cearta céanna agus na hoibleagáidí céanna i ndáil le sínitheoirí eile chomhaontuithe Schengen a bhí ann roimh an gcinneadh sin maidir leis na codanna sin d'acquis Schengen a gcinntear bunús dlí a bheith acu i dTeideal IV den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

I ndáil leis na codanna sin d'acquis Schengen a gcinntear bunús dlí a bheith acu i dTeideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach, beidh na cearta céanna agus na hoibleagáidí céanna i gcónaí ag an Danmhairg is a bheidh ag sínitheoirí eile chomhaontuithe Schengen.

*Airteagal 4*

Féadfaidh Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann nach bhfuil faoi cheangal ag acquis Schengen a iarraidh, tráth ar bith, bheith rannpháirteach i bhforálacha uile an acquis sin nó i roinnt díobh.

Cinnfidh an Chomhairle ar an iarraidh le haontoilíocht na gcomhaltaí sin dá cuid dá dtagraítear in Airteagal 1 agus ionadaí rialtas an Stáit i dtrácht.

*Airteagal 5*

1. Beidh tograí agus tionscnaimh chun acquis Schengen a fhorbairt faoi réir fhorálacha ábhartha na gConarthaí.

Sa chomhthéacs sin, mura mbeidh fógra i scríbhinn tugtha ag Éirinn nó ag an Ríocht Aontaithe nó acu araon laistigh de thréimhse réasúnta gur mian leo bheith rannpháirteach, measfar an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 11 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh nó Airteagal 40 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bheith deonaithe do na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1 agus d'Éirinn nó don Ríocht Aontaithe nuair is mian le ceachtar díobh bheith rannpháirteach sna réimsí comhair i gceist.

## *IARSCRÍBHINN*

## ***ACQUIS* SCHENGEN**

1. An Comhaontú arna shíniú in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile.

2. An Coinbhinsiún arna shíniú in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990 idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre chun an Comhaontú maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile arna shíniú in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985 a chur i bhfeidhm, maille leis an Ionstraim Chríochnaitheach agus na dearbhuithe comhpháirteacha a bhaineann leis.

3. Na Prótacail agus Comhaontuithe Aontachais a ghabhann le Comhaontú 1985 agus Coinbhinsiún Cur chun Feidhme 1990 leis an Iodáil (arna síniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990), leis an Spáinn agus leis an bPortaingéil (arna síniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991), leis an nGréig (arna síniú i Maidrid ar an 6 Samhain 1992), leis an Ostair (arna síniú sa Bhruiséil ar an 28 Aibreán 1995) agus leis an Danmhairg, leis an bhFionlainn agus leis an tSualainn (arna síniú i Lucsamburg ar an 19 Nollaig 1996), maille leis na hIonstraimí Críochnaitheacha agus na dearbhuithe a bhaineann leo.

4. Na cinntí agus na dearbhuithe arna nglacadh ag an gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú ag Coinbhinsiún Cur chun Feidhme 1990, maille le gníomhartha arna nglacadh chun an Coinbhinsiún sin a chur chun feidhme ag na horgáin ar thug an Coiste Feidhmiúcháin cumhachtaí cinnteoireachta dóibh.

*Airteagal 46*

Beidh imeachtaí i gcoinne na gComhphobal in ábhair a éireoidh as dliteanais neamhchonarthacha faoi urchosc tar éis thréimhse cúig bliana ó tharla an teagmhas as ar éirigh siad. Brisfear an tréimhse teorann má thionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte nó má dhéanann an páirtí éagóirithe iarratas roimhe sin chun na hinstitiúide iomchuí de chuid na gComhphobal. Sa chás deireanach sin, caithfear na himeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse dhá mhí dá bhforáiltear in Airteagal 230 de Chonradh CE agus Airteagal 146 de Chonradh CEFA; beidh feidhm ag forálacha an dara mír d'Airteagal 232 de Chonradh CE agus an dara mír d'Airteagal 148 de Chonradh CEFA faoi seach nuair is cuí sin.

## TEIDEAL IV

## CÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 47*

Beidh Airteagail 2 go 8, Airteagail 14 agus 15, an chéad mhír, an dara mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír d'Airteagal 17 agus Airteagal 18 infheidhme ar an gCúirt Chéadchéime agus ar a comhaltaí. Is os comhair na Cúirte Breithiúnais a ghlacfar an mionn dá dtagraítear in Airteagal 2 agus is í an Chúirt Bhreithiúnais a ghlacfaidh na breitheanna dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 6 tar éis di an Chúirt Chéadchéime a éisteacht.

Beidh feidhm *mutatatis mutandis* ag an gceathrú mír d'Airteagal 3 agus ag Airteagail 10, 11 agus 14 maidir le Cláraitheoir na Cúirte Céadchéime.

Airteagal 48 ([1])

Cúig Bhreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime.

*Airteagal 49*

Féadfar a iarraidh ar chomhaltaí na Cúirte Céadchéime cúram an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna a tugadh os comhair na Cúirte Céadchéime, chun cuidiú leis an gCúirt Chéadchéime i gcomhlíonadh a cúraim.

Leagfar síos i rialacha nós imeachta na Cúirte Céadchéime na critéir chun cásanna den sórt sin a roghnú mar aon leis na nósanna imeachta chun na hAbhcóidí Ginearálta a ainmniú.

([1]) Airteagal arna leasú le hIonstraim Aontachais 2003. Féach an tAguisín ag deireadh an leabhair.

| | |
|---|---|
| An Ostair | 17 |
| An Phortaingéil | 22 |
| An Fhionlainn | 13 |
| An tSualainn | 18 |
| An Ríocht Aontaithe | 72’ |

2. Faoi réir mhír 3, is ionann líon iomlán na n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa do théarma 2004-2009 agus líon na n-ionadaithe atá sonraithe in Airteagal 190(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus in Airteagal 108(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh móide líon na n-ionadaithe do na Ballstáit nua a thig ó na conarthaí aontachais arna síniú faoi cheann an 1 Eanáir 2004 ar a dhéanaí.

3. Más lú líon iomlán na gcomhaltaí dá dtagraítear i mír 2 ná 732, cuirfear ceartúchán *pro rata* i bhfeidhm ar líon na n-ionadaithe atá le toghadh i ngach Ballstát ionas go bhfuil an líon iomlán chomh gar agus is féidir le 732, gan a theacht ón gceartúchán sin gur mó líon na n-ionadaithe atá le toghadh i ngach Ballstát ná an líon dá bhforáiltear in Airteagal 190(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus in Airteagal 108(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach do théarma 1999-2004.

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh chuige sin.

4. De mhaolú ar an dara mír d’Airteagal 189 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus ar an dara mír d’Airteagal 107 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, má thagann conarthaí aontachais i bhfeidhm tar éis an cinneadh ón gComhairle dá bhforáiltear sa dara fomhír de mhír 3 den Airteagal seo a bheith glactha, féadfaidh líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa dul thar 732 go sealadach ar feadh tréimhse feidhme an chinnidh sin. Cuirfear an ceartúchán céanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo i bhfeidhm maidir le líon na n-ionadaithe atá le toghadh sna Ballstáit i dtrácht.

*Airteagal 3*

**Forálacha maidir le vótaí a ualú sa Chomhairle**

1 ([1]). (Aisghairthe)

([1]) Mír arna haisghairm le hIonstraim Aontachais 2003.

2. Tráth gach aontachais, déanfar an tairseach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus sa dara fomhír d'Airteagal 118 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a ríomh ionas nach mó an tairseach le haghaidh tromlaigh cháilithe arna shonrú i vótaí ná an tairseach a thig ón tábla sa Dearbhú maidir leis an Aontas Eorpach a mhéadú atá curtha isteach in Ionstraim Chríochnaitheach na Comhdhála a ghlac Conradh Nice.

*Airteagal 4*

**Forálacha a bhaineann leis an gCoimisiún**

1 ([1]). Ar an 1 Samhain 2004 agus le héifeacht ó dhul i mbun a dhualgas don chéad Choimisiún tar éis an dáta sin, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 213(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 126(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

'1. Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Ní mór náisiúnach amháin as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon chomhaltaí an Choimisiúin a athrú.'

2. Nuair a bheidh 27 Ballstát ag an Aontas, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 213(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 126(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

'1. Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Is lú líon chomhaltaí an Choimisiúin ná líon na mBallstát. Roghnófar comhaltaí an Choimisiúin de réir uainíochta ar bhonn phrionsabal an chomhionannais agus glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na socruithe chun an uainíocht sin a chur chun feidhme.

Socróidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, líon chomhaltaí an Choimisiúin.'

Beidh feidhm ag an leasú seo amhail ón dáta a rachaidh an chéad Choimisiún tar éis dháta aontachais an tseachtú Ballstát is fiche i mbun a dhualgas.

3. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil tar éis conradh aontachais an tseachtú Ballstát is fiche den Aontas a shíniú:

— líon chomhaltaí an Choimisiúin;

([1]) Mír arna leasú le hIonstraim Aontachais 2003.

# Prótacal (Uimh. 19)

# maidir le Reacht na hInstitiúide Eorpaí Airgeadaíochta (1992)

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht na hInstitiúide Eorpaí Airgeadaíochta a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

*Airteagal 1*

**Bunú agus ainm**

1.1. Bunófar an Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (IEA) i gcomhréir le hAirteagal 117 den Chonradh seo; comhlíonfaidh sí a feidhmeanna agus cuirfidh sí i gcrích a gníomhaíochtaí i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo agus an Reachta seo.

1.2. Is iad bainc cheannais na mBallstát ('bainc cheannais náisiúnta') comhaltaí IEA. Chun críocha an Reachta seo, measfar gur banc ceannais Lucsamburg an Institut Monétaire Luxembourgeois.

1.3. De bhun Airteagal 117 den Chonradh seo, díscaoilfear an Coiste Gobharnóirí agus an Ciste Eorpach um Chomhar Airgeadaíochta (CECA). Rachaidh sócmhainní agus dliteanais CECA ar aghaidh go huathoibríoch agus ina n-iomláine chuig IEA.

*Airteagal 2*

**Cuspóirí**

Rannchuideoidh IEA le gnóthú na gcoinníollacha is gá chun trasdul chuig an tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, go háirithe:

— trí chomhordú na mbeartas airgeadaíochta a neartú d'fhonn cobhsaíocht phraghsanna a áirithiú;

— trí na hullmhúcháin is gá chun Córas Eorpach Bainc Cheannais (CEBC) a bhunú, agus chun beartas aonair airgeadaíochta a sheoladh maille le hairgeadra aonair a chruthú sa tríú céim;

— trí fhorbairt an ECU a mhaoirsiú.

4.2. Ar an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí, sonróidh IEA an creat rialúcháin, eagrúcháin agus loighistiúil is gá do CEBC chun a chúraimí sa tríú céim a chomhlíonadh i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomaíocht. Cuirfidh Comhairle IEA an creat sin faoi bhráid chinneadh BCE ar dháta a bhunaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 117(3) den Chonradh seo, déanfaidh IEA go háirithe:

— na hionstraimí agus na nósanna imeachta a ullmhú is gá do bheartas aonair airgeadaíochta a chur i gcrích sa tríú céim;

— comhchuibhiú a chur ar aghaidh, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialaíonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna raonta a thig faoina réimse inniúlachta;

— na rialacha a ullmhú le haghaidh oibríochtaí atá le gabháil ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta faoi chuimsiú CEBC;

— éifeachtúlacht íocaíochtaí trasteorann a chur ar aghaidh;

— ullmhúchán teicniúil nótaí bainc ECU a mhaoirsiú.

*Airteagal 5*

**Feidhmeanna comhairleacha**

5.1. I gcomhréir le hAirteagal 117(4) den Chonradh seo, féadfaidh Comhairle IEA tuairimí agus moltaí a fhoirmiú ar threoshuíomh foriomlán beartas airgeadaíochta agus beartas um rátaí malairte maille le bearta gaolmhara a thugtar isteach i ngach Ballstát. Féadfaidh IEA tuairimí nó moltaí a chur faoi bhráid Rialtas agus na Comhairle ar bheartais ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do chor airgeadaíochta inmheánach nó seachtrach an Chomhphobail agus go háirithe d'oibriú CEA.

5.2. Féadfaidh Comhairle IEA moltaí a dhéanamh freisin d'údaráis airgeadaíochta na mBallstát maidir le seoladh a mbeartais airgeadaíochta.

5.3. I gcomhréir le hAirteagal 117(6) den Chonradh seo, rachfar i gcomhairle le IEA maidir le haon ghníomh Comhphobail arna bheartú laistigh dá réimse inniúlachta.

Faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna leagan amach ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le IEA, rachaidh údaráis na mBallstát i gcomhairle le IEA ar aon dréachtfhoráil reachtaíochta laistigh dá réimse inniúlachta, go háirithe i leith Airteagal 4.2.

5.4. I gcomhréir le hAirteagal 117(5) den Chonradh seo, féadfaidh IEA a chinneadh a tuairimí agus a moltaí a fhoilsiú.

*Airteagal 6*

**Feidhmeanna oibríochtúla agus teicniúla**

6.1. Déanfaidh IEA:

— foráil d'iltaobhú riochtaí a thig ó idirghabhálacha bainc cheannais náisiúnta in airgeadraí Comhphobail agus d'iltaobhú socraíochtaí laistigh den Chomhphobal;

— an mheicníocht um maoiniú fíor-ghearrthéarmach dá bhforáiltear le Comhaontú an 13 Márta 1979 idir bainc cheannais Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a leagann síos na nósanna imeachta oibríochtúla le haghaidh an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta (Comhaontú CEA) agus an mheicníocht um thacaíocht ghearrthéarmach airgeadaíochta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Bainc Cheannais an Chomhphobail an 9 Feabhra 1970, arna leasú, a riaradh;

— na feidhmeanna a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (CEE) Uimh. 1969/88 an 24 Meitheamh 1988 ón gComhairle ag bunú saoráid aonair ag soláthar cabhair mheántéarmach airgeadais do chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát.

6.2. D'fhonn Comhaontú CEA a chur chun feidhme, féadfaidh IEA cúlchistí airgeadaíochta a fháil ó na bainc cheannais náisiúnta agus ECUanna a eisiúint in aghaidh sócmhainní den sórt sin. Féadfaidh IEA agus na bainc cheannais náisiúnta na hECUanna sin a úsáid mar mheáin socraíochta agus le haghaidh idirbheart idir iad agus IEA. Glacfaidh IEA na bearta riarthacha is gá chun an mhír seo a chur chun feidhme.

6.3. Féadfaidh IEA stádas 'sealbhóirí eile' ECUanna a dheonú d'údaráis airgeadaíochta tríú tíortha agus d'institiúidí idirnáisiúnta airgeadaíochta agus na téarmaí agus na coinníollacha a shocrú faoina bhféadfaidh sealbhóirí eile ECUanna den sórt sin a fháil, a shealbhú nó a úsáid.

6.4. Beidh IEA i dteideal cúlchistí malairte eachtraí a shealbhú agus a bhainisteoireacht ina gníomhaire di thar ceann bainc cheannais náisiúnta agus arna iarraidh sin dóibh. Beidh brabúis agus caillteanais a bhaineann leis na cúlchistí sin do chuntas an bhainc cheannais náisiúnta a thaisceann na cúlchistí. Comhlíonfaidh IEA an fheidhm seo ar bhonn conarthaí déthaobhacha i gcomhréir le rialacha arna leagan síos i gcinneadh IEA. Áiritheoidh na rialacha sin nach mbacfaidh idirbhearta leis na cúlchistí sin ar bheartas airgeadaíochta agus ar bheartas ráta malairte údarás inniúil airgeadaíochta aon Bhallstáit agus go mbeidh siad comhchuí le cuspóirí IEA agus le hoibriú rianúil Mheicníocht Rátaí Malairte CEA.

*Airteagal 7*

## Cúraimí eile

7.1. Uair sa bhliain, díreoidh IEA tuarascáil chuig an gComhairle ar staid an ullmhúcháin don tríú céim. Beidh sna tuarascálacha sin measúnú ar an dul chun cinn ionsar chóineasú sa Chomhphobal agus folóidh siad go háirithe oiriúnú na n-ionstraimí beartas airgeadaíochta agus ullmhú na nósanna imeachta is gá chun beartas airgeadaíochta aonair a chur i gcrích sa tríú céim maille leis na ceanglais reachtúla a bheidh le comhall chun go mbeidh bainc cheannais náisiúnta ina gcuid dhílis de CEBC.

7.2. I gcomhréir leis na cinntí ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 117(7) den Chonradh seo, féadfaidh IEA cúraimí eile a chomhlíonadh d'fhonn an tríú céim a ullmhú.

*Airteagal 8*

## Neamhspleáchas

Gníomhóidh comhaltaí Chomhairle IEA is ionadaithe dá n-institiúidí i leith a gcuid gníomhaíochtaí i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sa Chonradh seo agus sa Reacht seo, ní fhéadfaidh Comhairle IEA aon teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí ná comhlachtaí Comhphobail ná ó Rialtais na mBallstát. Gabhann institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail maille le Rialtais na mBallstát orthu féin an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar Chomhairle IEA i gcomhlíonadh a cúraimí.

*Airteagal 9*

## Riarachán

9.1. I gcomhréir le hAirteagal 117(1) den Chonradh seo, is é Comhairle IEA a dhéanfaidh IEA a stiúradh agus a bhainisteoireacht.

*Airteagal 10*

## Cruinnithe Chomhairle IEA agus nósanna imeachta vótála

10.1. Tiocfaidh Comhairle IEA le chéile ar a laghad deich n-uaire sa bhliain. Beidh imeachtaí chruinnithe na Comhairle faoi rún. Féadfaidh Comhairle IEA a chinneadh, ag gníomhú di d'aon toil, toradh a pléití a phoibliú.

10.2. Beidh vóta amháin ag gach comhalta de Chomhairle IEA nó ag a ainmnitheach.

10.3. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, gníomhóidh Comhairle IEA trí thromlach simplí dá comhaltaí.

10.4. Is gá aontoilíocht chomhaltaí Chomhairle IEA do chinntí a ghlacfar faoi chuimsiú Airteagail 4.2, 5.4, 6.2 agus 6.3.

Is gá tromlach cáilithe de dhá thrian de chomhaltaí Chomhairle IEA do thuairimí agus do mholtaí arna nglacadh faoi Airteagail 5.1 agus 5.2, do ghlacadh cinntí faoi Airteagail 6.4, 16 agus 23.6 agus do ghlacadh treoirlínte faoi Airteagal 15.3.

*Airteagal 11*

## Comhar idirinstitiúideach agus ceanglais maidir le tuairisciú

11.1. Féadfaidh Uachtarán na Comhairle agus comhalta den Choimisiún a bheith rannpháirteach in imeachtaí Chomhairle IEA ach ní bheidh ceart vótála acu.

11.2. Iarrfar ar Uachtarán IEA a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle nuair a bhíonn ábhair a bhaineann le cuspóirí agus le cúraimí IEA á bplé aici.

11.3. Ar dháta a shocrófar sna rialacha nós imeachta, ullmhóidh IEA tuarascáil bhliantúil ar a gníomhaíochtaí agus ar dhálaí airgeadaíochta agus airgeadais an Chomhphobail. Díreofar an tuarascáil bhliantúil maille le cuntais bhliantúla IEA chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle Eorpach freisin.

Féadfaidh coistí inniúla de chuid Pharlaimint na hEorpa Uachtarán IEA a éisteacht arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó ar a thionscnamh féin.

11.4. Cuirfear tuarascálacha arna bhfoilsiú ag IEA ar fáil saor in aisce do pháirtithe leasmhara.

*Airteagal 12*

## Ainmníocht airgeadra

Sonrófar oibríochtaí IEA in ECUanna.

*Airteagal 13*

## Suíomh

Roimh dheireadh 1992, glacfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais an cinneadh faoin áit ina lonnófar suíomh IEA.

*Airteagal 14*

## Inniúlacht dhlíthiúil

Beidh ag IEA, ag a mbeidh pearsantacht dhlítheanach i gcomhréir le hAirteagal 117(1) den Chonradh seo, i ngach Ballstát an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge atá ar fáil ag daoine dlítheanacha faoina dhlíthe. Féadfaidh sí go háirithe maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina páirtí in imeachtaí dlí.

*Airteagal 15*

## Gníomhartha dlíthiúla

15.1. I gcomhlíonadh a cúraimí di, agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Reacht seo, déanfaidh IEA:

— tuairimí a chraoladh;

— moltaí a dhéanamh;

— treoirlínte agus cinntí a ghlacadh a dhíreofar chuig na bainc cheannais náisiúnta.

15.2. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le tuairimí ná moltaí IEA.

15.3. Féadfaidh Comhairle IEA treoirlínte a ghlacadh a leagfaidh síos modhanna maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha is gá chun go gcomhlíonfaidh CEBC a fheidhmeanna sa tríú céim. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le treoirlínte IEA; cuirfear iad faoi bhráid BCE le haghaidh cinnidh.

15.4. Gan dochar d'Airteagal 3.1, beidh cinneadh IEA ina cheangal go huile agus go hiomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é. Beidh Airteagail 253 agus 254 den Chonradh seo infheidhme ar na cinntí sin.

*Airteagal 16*

**Acmhainní airgeadais**

16.1. Beidh a cuid acmhainní féin ag IEA. Déanfaidh Comhairle IEA méid na n-acmhainní a chinneadh ar mhaithe leis an ioncam a áirithiú a mheastar is gá chun an caiteachas riaracháin arna thabhú i gcomhlíonadh chúraimí agus fheidhmeanna IEA a chlúdach.

16.2. Soláthrófar acmhainní IEA arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16.1 as ranníocaíochtaí ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir leis an scála dá dtagraítear in Airteagal 29.1 de Reacht CEBC agus arna n-íoc tráth IEA a bhunú. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún ar fáil na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an scála a chinneadh, i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Gobharnóirí agus leis an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 114.

16.3. Cinnfidh Comhairle IEA an fhoirm ina n-íocfar na ranníocaíochtaí.

*Airteagal 17*

**Cuntais bhliantúla agus iniúchóireacht**

17.1. Tosóidh bliain airgeadais IEA ar an gcéad lá d'Eanáir agus críochnóidh sí ar an lá deiridh de Nollaig.

17.2. Glacfaidh Comhairle IEA buiséad bliantúil roimh thús gach bliain airgeadais.

17.3. Tarraingeofar suas na cuntais bhliantúla i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag Comhairle IEA. Formheasfaidh Comhairle IEA na cuntais bhliantúla, agus foilseofar dá éis sin iad.

23.2. Aisghairfear an mheicníocht um chruthú ECUanna in aghaidh óir agus dhollair SA mar a fhoráiltear in Airteagal 17 de Chomhaontú CEA roimh an gcéad lá den tríú céim i gcomhréir le forálacha Airteagal 20 den Chomhaontú sin.

23.3. Déanfar gach éileamh agus dliteanas a thig ón meicníocht um maoiniú fíor-ghearr-théarmach agus ón meicníocht um thacaíocht ghearrthéarmach airgeadaíochta, dá bhforáiltear sna Comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 6.1, a shocrú roimh an gcéad lá den tríú céim.

23.4. Diúscrófar fuíoll shócmhainní uile IEA agus socrófar fuíoll dhliteanas uile IEA.

23.5. Dáilfear fáltais an leachtaithe atá tuairiscithe in Airteagal 23.4 ar na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir leis an scála dá dtagraítear in Airteagal 16.2.

23.6. Féadfaidh Comhairle IEA na bearta is gá do chur chun feidhme Airteagail 23.4 agus 23.5 a ghlacadh.

23.7. Ar BCE a bhunú, scairfidh Uachtarán IEA lena oifig.

## Prótacal (Uimh. 24)

# maidir leis an trasdul chuig an tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (1992)

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

Ag dearbhú airí do-athraithe ghluaiseacht an Chomhphobail chuig an tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta trí fhorálacha nua an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a bhaineann leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a shíniú.

Dá bhrí sin, urramóidh na Ballstáit uile, má chomhallann nó mura gcomhallann siad na coinníollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh, toil an Comhphobal trasdul go sciobtha chuig an tríú céim agus dá bhrí sin ní chuirfidh aon Bhallstát cosc le trasdul chuig an tríú céim.

Mura mbeidh dáta an tríú céim socraithe faoi dheireadh 1997, brostóidh na Ballstáit i dtrácht, institiúidí an Chomhphobail agus comhlachtaí leasmhara eile gach obair ullmhúcháin le linn 1998 d'fhonn a chumasú don Chomhphobal trasdul go neamh-inchúlghairthe chuig an tríú céim ar an 1 Eanáir 1999 agus d'fhonn a chumasú do BCE agus do CEBC tosú ar oibriú go hiomlán amhail ón dáta sin.

Cuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh seo.

# Prótacal (Uimh. 30)

# maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm (1997)

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta atá cumhdaithe in Airteagal 5 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a leagan síos d'fhonn na critéir dá gcur i bhfeidhm a shainiú ar dhóigh nios sonraí agus d'fhonn a áirithiú go n-urramóidh na hinstitiúidí uile iad go docht agus go gcuirfidh siad chun feidhme iad go comhchuí,

ÓS MIAN LEO a áirithiú go nglactar cinntí ar leibhéal chomh gar agus is féidir do shaoránaigh an Aontais,

AG CUR SAN ÁIREAMH Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Deireadh Fómhair 1993 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis na nósanna imeachta chun prionsabal na coimhdeachta a chur chun feidhme,

TAR ÉIS A DHAINGNIÚ go leanfaidh conclúidí na Comhairle Eorpaí in Birmingham ar an 16 Deireadh Fómhair 1992 agus an cur chuige ginearálta maidir le prionsabal na coimhdeachta a chur i bhfeidhm arna chomhaontú ag an gComhairle Eorpach ag a cruinniú i nDún Éideann ar an 11 agus an 12 Nollaig 1992 de bheith ina dtreoir do ghníomhaíocht institiúidí an Aontais agus d'fhorbairt a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phrionsabal na coimhdeachta agus, chun na críche sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

1. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di, áiritheoidh gach institiúid go gcomhlíonfar prionsabal na coimhdeachta. Áiritheoidh sí freisin go gcomhlíonfar prionsabal na comhréireachta ar dá réir nach rachaidh aon ghníomhaíocht de chuid an Chomhphobail thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach.

2. Urramóidh cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta forálacha ginearálta agus cuspóirí an Chonartha, go háirithe a mhéad a bhaineann leis an acquis communautaire agus an chothromaíocht institiúideach a choimeád ar bun go hiomlán; ní dhéanfaidh sé difear do na prionsabail arna bhforbairt ag an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis an ngaol idir an dlí náisiúnta agus dlí an Chomhphobail agus is cóir dó Airteagal 6(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena bhforáiltear go mbeidh 'ag an Aontas na hacmhainní is gá chun a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid beartas a chur i gcrích', a chur san áireamh.

3. Ní dhéanann prionsabal na coimhdeachta na cumhachtaí arna dtabhairt ag an gConradh don Chomhphobal Eorpach, mar atá arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais, a thabhairt faoi cheist. Bainfidh na critéir dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 5 den Chonradh le réimsí nach bhfuil inniúlacht eisiach ag an gComhphobal ina leith. Cuireann prionsabal na coimhdeachta treoir ar fáil maidir le conas a dhéanfar na cumhachtaí sin a fheidhmiú ar leibhéal an Chomhphobail. Is coincheap dinimiciúil an choimhdeacht agus is cóir í a chur i bhfeidhm i bhfianaise na gcuspóirí atá leagtha amach sa Chonradh. Ceadaíonn sí fairsingiú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an Chomhphobail faoi theorainn a chumhachtaí nuair is gá sin sna himthosca agus, os a choinne sin, í a shrianadh nó scor di nuair nach bhfuil call léi a thuilleadh.

4. I dtaca le haon reachtaíocht de chuid an Chomhphobail a bheartaítear, sonrófar na cúiseanna ar a bhfuil sí bunaithe d'fhonn a fhírinniú go gcomhlíonann sí prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta; ní foláir táscairí cáilíochtúla, nó, nuair is féidir, táscairí cainníochtúla a thabhairt mar bhunús leis na cúiseanna ar dá mbun a chonclúidítear gur fearr is féidir leis na gComhphobal cuspóir de chuid an Chomhphobail a ghnóthú.

5. Chun go mbeidh call le gníomhaíocht Chomhphobail, ní foláir an dá ghné de phrionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh: nach féidir cuspóirí na gníomhaíochta beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach le gníomhaíocht na mBallstát faoi chuimsiú a gcóras bunreachtúil náisiúnta agus gur fearr is féidir, dá bhrí sin, iad a ghnóthú le gníomhaíocht de chuid an Chomhphobail.

Is cóir leas a bhaint as na treoirlínte seo a leanas d'fhonn scrúdú a dhéanamh lena fháil amach an bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta:

— go bhfuil gnéithe trasnáisiúnta ag an tsaincheist atá faoi bhreithniú nach féidir a rialú go sásúil le gníomhaíocht de chuid na mBallstát;

— go mbeadh gníomhaíochtaí de chuid na mBallstát amháin nó easpa gníomhaíochta de chuid an Chomhphobail ar neamhréir le ceanglais an Chonartha (mar shampla an riachtanas saobhadh iomaíochta a cheartú nó srianta faoi cheilt ar thrádáil a sheachaint nó comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú) nó go ndéanfaidís díobháil shuntasach ar dhóigh eile do leasanna na mBallstát;

— go soláthródh gníomhaíocht ar leibhéal an Chomhphobail de bharr a fairsinge nó a hiarmhairtí tairbhí soiléire i gcomparáid le gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát.

6. Beidh foirm ghníomhaíocht an Chomhphobail chomh simplí agus is féidir, a mhéad is comhchuí le gnóthú sásúil chuspóir an bhirt agus leis an ngá le forghníomhú éifeachtúil. Ní reachtóidh an Comhphobal ach a mhéad is gá. Agus nithe eile a bheith mar a chéile, is cóir treoracha a roghnú thar rialacháin agus treoracha réime thar bhearta mionsonraithe. Cé go mbeidh na treoracha dá bhforáiltear in Airteagal 249 den Chonradh ina gceangal, maidir leis an toradh atá le gnóthú, ar gach Ballstát chuig a ndíreofar iad, fágfar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.

7. Maidir le cineál agus réim ghníomhaíocht an Chomhphobail, is cóir do bhearta Comhphobail an scóip is mó is féidir a fhágail don chinnteoireacht náisiúnta, a mhéad is comhchuí le haidhm an bhirt a áirithiú agus le ceanglais an Chonartha a urramú. Agus dlí an Chomhphobail á urramú, is cóir féachaint chuige go ndéanfaí socruithe náisiúnta seanbhunaithe agus eagrú agus oibriú dhlíchórais na mBallstát a urramú. Nuair is iomchuí agus faoi réir an ghá le forghníomhú cuí, is cóir do bhearta an Chomhphobail malairt modhanna a chur ar fáil do na Ballstáit chun cuspóirí na mbeart a ghnóthú.

8. Nuair is é an toradh atá ar phrionsabal na coimhdeachta a chur i bhfeidhm nach nglacann an Comhphobal aon ghníomhaíocht, ní foláir do Bhallstáit na rialacha ginearálta atá leagtha síos in Airteagal 10 den Chonradh a chomhlíonadh ina ngníomhaíocht trí gach beart iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhallfar a gcuid oibleagáidí faoin gConradh agus trí staonadh ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Chonartha a chur i gcontúirt.

9. Gan dochar dá cheart tionscnaimh, is cóir don Choimisiún:

— ach amháin i gcásanna práinne nó rúndachta faoi leith, comhairle a ghlacadh go forleathan sula ndéanfaidh sé reachtaíocht a bheartú agus, nuair is iomchuí, doiciméid chomhairliúcháin a fhoilsiú;

— a fhírinniú go mbaineann a thograí le hábhar ag féachaint do phrionsabal na coimhdeachta; nuair is gá, tabharfar mionsonraí ina leith sin sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann le togra. Beidh gá le míniú chun gníomhaíocht Chomhphobail a mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as buiséad an Chomhphobail;

— aird chuí a thabhairt ar an ngá atá ann aon ualach, bíodh sé ina ualach airgeadais nó ina ualach riarthach, a bheidh ar an gComhphobal, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis áitiúla, ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar shaoránaigh, a íosmhéadú agus a bheith ar comhréir leis an gcuspóir a bheidh le gnóthú;

— tuarascáil bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 den Chonradh a thíolacadh don Chomhairle Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil sin freisin chuig Coiste na Réigiún agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

10. Cuirfidh an Chomhairle Eorpach an tuarascáil ón gCoimisiún dá dtagraítear sa cheathrú fleasc de mhír 9 san áireamh sa tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas nach foláir di a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

11. Agus na nósanna imeachta is infheidhme á n-urramú go hiomlán acu, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, mar chuid dhílis den scrúdú ginearálta ar thograí an Choimisiúin, a gcomhchuibheas le hAirteagal 5, den Chonradh a mheas. Bainfidh an fhoráil seo le togra bunaidh an Choimisiúin agus le leasuithe a bheartaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a dhéanamh ar an togra.

